2025/642

28.3.2025

CINNEADH (AE) 2025/642 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Márta 2025

lena leasaítear Cinneadh 98/481/CE lena bhformheastar iniúchóirí seachtracha an Bhainc Ceannais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Phrótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint do Mholadh BCE/2025/6 ón mBanc Ceannais Eorpach an 12 Feabhra 2025 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha an Bhainc Ceannais Eorpaigh [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, le hiniúchadh a dhéanamh ar chuntais BCE agus ar chuntais na mbanc ceannais náisiúnta sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tháinig deireadh le sainordú Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft mar iniúchóirí seachtracha BCE, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2024. Dá bhrí sin, is gá iniúchóir seachtrach a cheapadh ón mbliain airgeadais 2025 ar aghaidh.

(3) Roghnaigh an Banc Ceannais Eorpach Forvis Mazars GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft Steuerberatungsgesellschaft mar iniúchóirí seachtracha BCE do na blianta airgeadais 2025 go 2029, agus rogha ann síneadh suas le 2 bhliain airgeadais bhreise a chur leis an sainordú, is é sin go dtí 2030 nó go dtí 2031.

(4) Dá bhrí sin, mhol Comhairle Rialaithe BCE don Chomhairle go gceapfaí Forvis Mazars GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft Steuerberatungsgesellschaft mar iniúchóir seachtrach BCE do na blianta airgeadais 2025 go 2029, agus rogha ann síneadh suas le 2 bhliain airgeadais bhreise a chur leis an sainordú, is é sin go dtí 2030 nó go dtí 2031.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 98/481/CE ón gComhairle [2] a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Chinneadh 98/481/CE:

‘*Airteagal 1*

Leis seo, déantar Forvis Mazars GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft Steuerberatungsgesellschaft a fhormheas mar iniúchóir seachtrach BCE do na blianta airgeadais 2025 go 2029.’.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an lá a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig BCE.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. SIEKIERSKI

---

[1] IO C, C/2025/1362, 21.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/c/2025/1362/oj.

[2] Cinneadh 98/481/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 lena bhformheastar iniúchóirí seachtracha an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 216, 4.8.1998, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1998/481/oj).